C/2026/5300

14.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12562 — HYPERION / CFA / BOOST AIR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5300)

1. An 6 Deireadh Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Hyperion Fund, F.C.R. ('Hyperion', an Spáinn), faoi rialú deiridh Warburg Pincus LLC ('Warburg Pincus', na Stáit Aontaithe),

— Corporación Financiera Azuaga S.L. ('CFA', an Spáinn),

— Boost Air Group, S.L. ('Boost Air', an Spáinn), faoi rialú CFA.

Gheobhaidh CFA rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Boost.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste cothromais phríobháidigh é Hyperion a infheistíonn i gcuideachtaí atá gníomhach i dteicneolaíocht dé-úsáide, in earnálacha an aeraspáis, na cibearshlándála, na hintleachta saorga agus na cosanta,

— Is grúpa airgeadais é CFA atá speisialaithe i seirbhísí airgeadais agus infheistíochta.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Boost Air: cuireann sé tacar comhleanúnach seirbhísí ar fáil d'oibreoirí in earnáil na heitlíochta agus na cosanta: bainistiú aerárthaí feidhmiúcháin, oibríochtaí eitilte feidhmiúcháin, seirbhísí cothabhála, soláthar agus cothabháil páirteanna spártha, chomh maith le seirbhísí coimhdeacha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12562 — HYPERION / CFA / BOOST AIR

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË